# Éire na hOighearaoise
# Iontaisí iontacha!

## Cad a tharla don Mhamat Lomrach Éireannach?

Ceaptar go raibh an chuma seo ar an mamat lomrach, atá díofa anois!




Na mílte bliain ó shin bhí cónaí ar chineál eilifinte darb ainm an mamat lomrach in Éirinn! Chuaigh siad in éag nuair a d'athraigh an aeráid go nádúrtha agus nuair a rinneadh leac oighir den talamh arís, rud a chuir deireadh leis an mbia ab fhearr leis an mamat lomrach. Mhair an mamat lomrach in áiteanna eile ar fud an domhain go dtí 4,000 bliain ó shin.

# Éire na hOighearaoise
# Iontaisí iontacha!

## An mbíodh Mamait Lomracha ag siúl i gCill Mhantáin?




Is féidir leat an starrfhiacail seo agus fiacla Mamait Lomraigh a fheiceáil ar taispeáint in Ard-Mhúsaem na hÉireann - Stair an Dúlra.



Luibhiteoir is ea an mamat lomrach, rud a chiallaíonn nach n-itheann siad ach plandaí. Bhí féar, bláthanna agus caonach ar na bianna ab fhearr leo.





Laistigh de phluaiseanna, d'aimsigh daoine cnámha mamat lomrach fásta agus óg. D'aimsíodar cnámh amháin, fiú, a raibh loirg fiacla uirthi a bhí ag teacht le loirg fiacla an hiéana bhric!

**Suíomhanna inar aimsíodh fianaise iontaise ar mhamat lomrach na hOighearaoise ar oileán na hÉireann.**

An féidir leat na háiteanna a fheiceáil ar an léarscáil ar aimsíodh iontaisí mamat lomrach Éireannach i gCo. Chorcaí, Co. Phort Láirge, Co. an Chabháin agus Co. Aontroma? Cruthúnas is ea na hiontaisí seo go raibh na fathaigh seo ag fánaíocht anseo fadó. Tá cuid de na hiontaisí timpeall 35,000 bliain d'aois.

museum
National Museum of Ireland
*Ard-Mhúsaem na hÉireann*


Natural History

Éire na hOighearaoise

# Iontaisí iontacha!

## Rianaigh do mhamat beag féin!

### Gníomhaíocht Líníochta



Ar mhaith leat do mhamat lomrach féin a tharraingt? Is iomaí bealach éagsúil chun líníocht a dhéanamh. Bealach amháin is féidir a fhoghlaim ná rianú. Aimsigh peann luaidhe agus píosa páipéir bháin. Cuir an páipéar ar an líníocht den mhamat thuas agus rianaigh na línte agus na cruthanna a fheiceann tú go cúramach. Tarraing a shúil agus a chluas bheag. An cuimhin leat cén bia a thaitníonn leo? Tarraing bia éigin le go mbeidh do mhamat lomrach in ann é a ithe. Ná déan dearmad é a dhathú!